Eagrán : Nollaig 2022

NUACHTLITIR

21/12/2022

# Gaelscoil Thaobh na Coille

## Nollaig Shona agus Athbhliain faoi Mhaise



Saoithe—Naíonáin Shinsearacha



Naíonáin Shóisearacha

## Mí na Nollag : Spraoiúil, Spleodrach  December : Fun Filled & Exciting

Tá mí spraoiúil, spleodrach curtha isteach againn i nGaelscoil Thaobh na Coille agus muid ar fad anois ag súil le saoire na Nollag. Mí fíor-ghnóthach a bhí againn agus imeachtaí go leoir ar siúl ag na páistí.

*We have had a fun filled, exciting December in Gaelscoil Thaobh na Coille and we are now all looking forward to the Christmas holidays. We had a really busy month with lots of events for the children.*



Tuismitheoirí na Scoile



Ag Siopadóireacht i Siopa na mBronntanais Rúnda

## Bronntanas Rúnda

Buíochas ollmhór le Cumann na dTuismitheoirí a d'eagraigh siopa na mBronntanas Rúnda do na páistí ag tús na míosa. Bhí sé go hálainn na tuismitheoirí ar fad a fheiceáil ag cabhrú ar an lá agus ag déanamh an-iarracht pé Gaeilge a bhí acu a labhairt leis na daltaí agus iad istigh sa halla - maith sibh. Bhí na páistí ar bís agus iad an-sásta go deo ag dul abhaile leis na féiríní deasa dá dtuismitheoirí. Tá súil agam nach bhfuil inste acu daoibh cad a bheidh á fháil agaibh ar lá Nollaig (cé gur admhaigh dalta nó dhó liom gur sceith siad an rún sin mar go rabhadar ar bís !!!).

*A huge thank you to the Parents' Association who organised the Secret Gift shop for the children at the beginning of the month. It was lovely to see all the parents helping out on the day and trying very hard to speak whatever Irish they had with the pupils while they were in the hall - well done. The children were excited and very happy going home with the nice treats for their parents. I hope they haven't told you what you'll be getting on Christmas Day (although one or two students admitted to me that they have let the cat out of the bag because they were too excited!!!)*

## Crannchur na dTicéad Órga

Buíochas leis na daoine ar fad a chuir bronntanais ar fáil do shiopa na mBronntanas Rúnda. Bhí sibh an-fhlathúil go deo. Rinneamar an tarraingt do chrannchur na dticéad órga ar an Mháirt agus ní gá dom a rá ach go raibh sceitimíní ar na páistí agus na ticéid á dtarraingt. Bhí breis is 22 duais mór le buachaint sa chrannchur, mar aon le 24 bosca seacláide meascaithe. Bhuaidh daltaí éagsúla ó N1 go R6 duaiseanna sa chrannchur. Buíochas le na comhluchtaí a rinne urraíocht ar an gcrannchur.

## Buaiteoirí & Duaiseanna

1 Dearbhán €50 Quattro – Joel Ó Seanachóir N1C
2 Dearbhán €50 Quattro – Cohen Ó Dúill R5B
3 Dearbhán €25 Nimble Fingers – Aurelia Geanta N2A
4 Dearbhán Lifestyle Sports – Dara Mac Seinicín R4A
5 Dearbhán Movies @ Dundrum – Dylan Mac Óda N1B
6 Dearbhán Smyths Toy Store – Alex Ó Dubhthaigh R3B
7 Dearbhán Smyths Toy Store – Camille Ní Chathmhaoill R2A
8 Amazon Echo dot – Eve Ní Ghormáin R2B
9 Dearbhán Jumpzone – Rosa Nic Giolla Mhuire R2B
10 National Book Token – Emma Kate Nic an tSionnaigh R4A
11 Dearbhán do Shiopa Art & Hobby – Robyn Ní Néill R4B
12 Dearbhán Costa – Bobbie Ecock Ní Bhroin N1B
13 Dearbhán Fire & Stone1 – Siún de Lasa Ní Bhriain
14 Dearbhán Fire & Stone 2 – Dan Mac Giolla Bhríde R5B
15 Dearbhán Fire & Stone 3 – Annabel Ní Lia R6B
16 Dearbhán Fire & Stone 4 – Rachel Ní Mhurchú R3A
17 MeeMawMakes – Jude Holden R4A
18 MeeMawMakes – Caoilinn Townsent R3B
19 Junior Scrabble – Alex Mac Gearailt N2A
20 Spirograph – Matthew Ó Gallachóir R6A
21 Pacáite Tí Sinséir (Gingerbread House) Ciarán Ó Laomdha R3B
22 Pacáiste Tí Sinséir (Gingerbread House) Micheál Cút R6A

## Golden Ticket Raffle

*Thanks to all those who donated gifts to the Secret Gift shop. You were extremely generous. We held the golden ticket's raffle on Tuesday and needless to say the children were excited when the tickets were drawn. There were over 22 great prizes to be won in the raffle, along with 24 selection boxes. Pupils from N1 to R6 won prizes in the lottery. Thanks to the businesses who donated prizes for the raffle.*

## Winners & Prizes

**Bosca Barraí Seacláide (Selection Box)**

1. Bowie Culbert N2B
2. Sophie Ní Riada R1B
3. Bradán Mac Giolla Arraith N1B
4. Dylan Mac Óda N1B
5. Freya Ní Néill R4A
6. Johnn Paul Ó Clumháin N1C
7. Oisín Ó Glacáin R3A
8. Ruth Ní Eachthairn R3B
9. Nathan Consaidín R4A
10. Séamus Ó Fionnalláin R5B
11. Betty Ní Raghnaill Bradáin R4A
12. Cathal Mac Íomhar N1A
13. Faolán Mac Domhnaill
14. Lola Nic Uidhir R2A
15. Oscar Mac UIdhir N2B
16. Erin Ní Sheanacháin R4B
17. Matthew Ó Riada R3B
18. Rory Ó Conchubhair N1C
19. Liv Ní Dhuláinne R3A
20. Callum Comartún de Paor R2B
21. Grace Nic Stiofáin N2A
22. Thea Ní Fhionnagáin R5B
23. Ally Ní Mhaoldomhnaigh N2B
24. Aodh Jake Mac Cárthaigh R6B



*Siopa na mBronntanas Rúnda - Daltaí R5 ag siopadóireacht le daltaí N2*



*Siopa na mBronntanas Rúnda - N2*

**SCOIL ag ATHOSCAILT do Théarma an EARRAIGH**

**DÉARDAOIN 05/01/2023**



**SCHOOL RE-OPENING for SPRING TERM**

**THURSDAY 05/01/2023**



Ceoltóirí R6A - Feadóg Stain



Veidhleadóirí ón mBanna Ceoil Scoile

# Féile na Nollag

Bhí sé go hálainn a bheith in ann cuireadh a thabhairt isteach sa scoil do thuismitheoirí uile na scoile le breathnú ar na páistí thuas ar an stáite ag ceiliúradh Scéal na Nollag agus ag canadh ag ag seinim ceoil. Tá an t-ádh linn go bhfuil teacht againn ar cheithre cheoldráma bríomhar, spleodrach de chuid Starshine Music Mór Cheiliúradh (It's a Party), Beithilín ag Bogadaí (Wriggly Nativity), Rí-Rá don Rí (Noisy Nativity) agus Hósana Roc (Hosanna Rock) – aistrithe go Gaeilge Siobhán Uí Bhaoin agus baineann na páistí fíor-thaitneamh as na hamhráin ar fad atá sna ceoldrámaí éagsúil a chanadh. Léirigh na daltaí an cumas ceoil agus aisteoireachta atá acu agus bhíomar an-bhródúil go deo astu ar an oíche agus as an obair ar fad a rinne siad sa rang agus iad ag ullmhú le Féile na Nollag a chuir os comhair na dtuismitheoirí. Tá súil agam gur bhain sibhse an oiread taithneamh astu is a bhaineamarna sa scoil.

Bhí 4 Fhéile éagsúil againn:

1. Féile na Nollag R3 & R4 Céadaoin 14/12/22 7pm
2. Féile na Nollag N1 & N2 Déardaoin 15/12/22 12.30pm
3. Féile na Nollag R1 & R2 Aoine 16/12/22 1pm
4. Féile na Nollag R5 & R6 Luan 19/12/22 7pm



R5A & R5B Hósanna Roc - Muire & Íosaf



Aingle R5

*It was lovely to be able to invite all the parents into the school to watch the children up on stage celebrating the Christmas Nativity and singing and playing music. We are lucky to have access to four lively, exciting musicals by Starshine Music: Mór Céilúradh (It's a Party), Bethilín ag Bogadaí (Wriggly Nativity), Rí-Rá don Rí (Noisy Nativity) and Hósana Roc (Hosanna) Rock) – translated into Irish by Siobhán Uí Bhaoin and the children really enjoy learning and singing the songs in each of the musicals. The pupils showed their musical and acting abilities and we were very proud of them not only on the day of the performances but also for all the effort they put into learning their songs and lines in class in the run up to Féile na Nollag. I hope you enjoyed the concerts as much as we did.*

We held 4 different Concerts:

1. Féile na Nollag R3 & R4 Wednesday 14/12/22 7pm
2. Féile na Nollag N1 & N2 Thursday 15/12/22 12.30pm
3. Féile na Nollag R1 & R2 Friday 16/12/22 1pm
4. Féile na Nollag R5 & R6 Monday 19/12/22 7pm



N2 Beithilín ag Bogaidí - Muire & Íosaf



Scéalaithe N2

## Féilire Aidbhinte

Bhí Crann Nollaig mór crochta ar an mballa i aice le hoifig an Phríomhoide - féilire mór aidbhinte a bhí ann a bhí lán le bronntanais. Piocadh ainm ceathrar dalta amach as an 'hata' gach lá i rith na haidbhinte agus ghlaoigh an Múinteoir Nic Chonchradha na hainmneacha amach ar an gcóras cumarsáide scoile. Bhí na páistí ar fad ar bís le cloisteáil an dtarraingeofá a n-ainm féin nó ainm páiste eile ina rang amach. Is minic a chuir páistí éagsúla i gcuimhne don Mhúinteoir Nic Choncradha gan dearmad a dhéanamh ar an tarraingt a dhéanamh don féilire aidbhinte!

## Sioc & Leac Oighear

Míle buíochas leis na tuismitheoirí a thug lámh cúnta do Cholm agus dom féin agus muid ag iarraidh an leac oighear a ghlanadh den chlós os comhair na scoile le déanaí le go bhféadfaí na daltaí a scaoileadh amach ar an gclós le roinnt aeir a ghlacadh i rith an lae.

Nick Ó Fiongaltáin – Daid Hugh R6A & Will N2B
Brian Breathnach – Daid Siún N2B & Fionn R2A
Justin Mac Cárthaigh – Daid Ella R6A

*Many thanks to the parents who gave Colm and I a helping hand when we were trying to clear the ice from the yard in front of the school recently. Their help and hard work ensured that the students could be let out on the yard to get some air during the*



R2 - Rí-Rá don Rí

## Advent Calendar

*A large Santa/Christmas Tree advent calendar full of presents was hanging on the wall outside the Principal's office. The names of four pupils was picked out of the 'hat' every day during Advent and an Múinteoir Nic Chonchradha called out the names on the school intercommunications system. All the children were excited to hear if their own name or the name of another child in their class was been pulled out. An Múinteoir Nic Chonchradha was reminded quite often by different children not to forget to make the draw!*



Clós na Scoile glanta de Leac Oighear!

## Nollaig Shona

Bhí atmaisféar álainn sona le brath thart timpeall na scoile ó thús na bliana agus go speisialta le cúpla seachtain anuas agus na páistí ag tnúth go mór leis an Nollaig. Ba mhaith liom thar cheann Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille Nollaig mhór mhaith, sona, sábháilte agus sláintiúilagus athbhliain faoi mhaise, a ghuí ar fhoireann, ar thuismitheoirí agus ar dhaltaí uile na scoile.

*There has been a really joyful and happy atmosphere around the school since the beginning of the school year and especially over the last few weeks as the children started to get really excited about Christmas. On behalf of the Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille I would like to wish a very happy and healthy Christmas and new year to all the staff, parents and pupils of the school.*

Go mbeirimíd beo ar an am seo arís!

















Nollaig Shona & Athbhliain faoi Mhaise!